



2024/3159

20.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3159 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe a mhéid a bhaineann le haicmiú tomhaltais agus le cluichí áidh a áireamh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus go háirithe Airteagail 4(3) agus 5(8) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2016/792, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 chun larscríbhinn I a leasú, chun inchomparáideacht na n-innéacsanna comhchuibhithe a áirithiú ar an leibhéal idirnáisiúnta i gcomhréir le hathruithe ar Aicmiú Tomhaltais Aonair na Náisiún Aontaithe de réir cuspóra (COICOP NA).
- (2) Sa 49ú seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe, rinneadh an leagan athbhreithnithe de COICOP NA a bhreithniú agus a fhorghluin mar an caighdeán a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta. Chun aicmiú Eorpach an tomhaltais aonair de réir cuspóra (ECOICOP) a ailíniú le COICOP athbhreithnithe na Náisiún Aontaithe, ba cheart larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/792 a leasú. Is léiriú é an t-aicmiú athbhreithnithe ar na hathruithe suntasacha ar chineál phatrúin tomhaltais na dteaghlach a tharla ó bunaíodh COICOP na Náisiún Aontaithe an chéad lá riamh in 1999.
- (3) Tá treoirlínte modheolaíochta curtha le chéile ag an gCoimisiún (Eurostat) lenar cheart leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe a áirithiú chun fo-innéacs a thiomsú le haghaidh cluichí áidh. Dá bhrí sin, ba cheart cluichí áidh a áireamh sna hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPTanna) agus sna praghasinnéacsanna comhchuibhithe tomhaltóirí ag rátaí cánach seasmhacha (ICPT-CS).
- (4) Mar gheall ar an leasú ar an aicmiú in larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/792 agus chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an t-aicmiú sin agus an tábla in Airteagal 5(8) den Rialachán sin, ba cheart an tábla a thuiscint mar thagairt don aicmiú leasaithe a mhéid a bhaineann leis na táirgí a liostaítear sa tábla.
- (5) Ba cheart Rialachán (AE) 2016/792 a leasú dá réir.

⁽¹⁾ IO L 135, 24.5.2016, lch. 11.

- (6) Chun am a thabhairt chun an t-aicmiú nua chun an t-aicmiú nua a chur chun feidhme i gcórais na mBallstát, ba cheart feidhm a bheith ag an rialachán maidir le tarchur sonraí ICPT agus ICPT-CS chuig an gCoimisiún (Eurostat) ón mí tagartha Eanáir 2026 ar aghaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/792 mar seo a leanas:

- (1) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Ní cheanglófar ar Bhallstáit na fo-innéacsanna seo nó codanna d’fho-innéacsanna de chuid ECOICOP a leanas a tháirgeadh, toisc nach bhfuil siad san áireamh sa chaiteachas airgeadaíochta tomhaltais deiridh teaghlaigh nó toisc nach leor go fóill an méid comhchuibhithe modheolaíochta:

02.3. Támhshuanaigh;

12.2. Striapachas;

12.5.1. Árachas saoil;

12.6.1. FISIM.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 d’fhonn an liosta a leagtar amach sa mhír seo a mhodhnú chun go n-áireofar cluichí áidh in ICPT agus ICPT-CS.’;

- (2) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le tarchur innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPTanna) agus praghasinnéacsanna comhchuibhithe tomhaltóirí ag sonraí rátaí cánach seasmhacha (ICPT-CS) chuig an gCoimisiún (Eurostat) ón mí tagartha Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN I

AICMIÚ EORPACH AN TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR CUSPÓRA (ECOICOP) leagan 2

Tá ECOICOP leagan 2 comhionann le COICOP NA 2018

NM: Earra neamh-mharthanach

LM: Earra leathmharthanach

M: Earra marthanach

S: Seirbhís

- 01 Bia agus deochanna neamh-mheisciúla
- 01.1 Bia
- 01.1.1 Gránaigh agus táirgí gránaigh (NM)
 - 01.1.1.1 Gránaigh (NM)
 - 01.1.1.2 Plúr gránaigh (NM)
 - 01.1.1.3 Arán agus táirgí bÁCála (NM)
 - 01.1.1.4 Gránaigh bhriceasta (NM)
 - 01.1.1.5 Macarón, núdail, cúscús agus táirgí pasta comhchosúla (NM)
 - 01.1.1.9 Táirgí gránach agus grán meilte eile (NM)
- 01.1.2 Ainmhithe beo, agus feoil agus codanna eile d'ainmhithe talún maraithe (NM)
 - 01.1.2.1 Ainmhithe talún beo (NM)
 - 01.1.2.2 Feoil, agus í úr, fuaraithe nó reoite (NM)
 - 01.1.2.3 Feoil, agus í triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe (NM)
 - 01.1.2.4 Scairteach, fuil agus codanna eile d'ainmhithe maraithe, iad úr, fuaraithe nó reoite, triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe (NM)
 - 01.1.2.5 Ullmhóidí feola, scairtí, fola agus codanna eile d'ainmhithe maraithe (NM)
- 01.1.3 Iasc agus bia mara eile (NM)
 - 01.1.3.1 Iasc, agus é beo, úr, fuaraithe nó reoite (NM)
 - 01.1.3.2 Iasc, agus é triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe (NM)
 - 01.1.3.3 Ullmhóidí éisc (NM)
 - 01.1.3.4 Bia mara eile agus é beo, úr, fuaraithe nó reoite (NM)
 - 01.1.3.5 Bia mara eile, agus é triomaithe, saillte, faoi sháile nó deataithe (NM)
 - 01.1.3.6 Ullmhóidí eile bia mara (NM)
 - 01.1.3.7 Aenna, eochraí agus scairteach eile éisc agus aenna, eochraí agus scairteach bia mara eile i ngach foirm (NM)
- 01.1.4 Bainne, táirgí déiríochta eile agus uibheacha (NM)
 - 01.1.4.1 Bainne amh agus bainne iomlán (NM)
 - 01.1.4.2 Bainne bearrtha (NM)
 - 01.1.4.3 Bainne agus uachtar eile (NM)
 - 01.1.4.4 Bainne nach de bhunadh ainmhíoch é (NM)
 - 01.1.4.5 Cáis (NM)

- 01.1.4.6 Iógart agus táirgí comhchosúla (NM)
- 01.1.4.7 Milseoga agus deochanna bainnebhunaithe (NM)
- 01.1.4.8 Uibheacha (NM)
- 01.1.4.9 Táirgí déiríochta eile (NM)
- 01.1.5 Olaí agus saillte (NM)
- 01.1.5.1 Olaí plandúla (NM)
- 01.1.5.2 Im agus olaí agus saillte eile a dhíorthaítear ó bhainne (NM)
- 01.1.5.3 Margairín agus ullmhóidí comhchosúla (NM)
- 01.1.5.9 Olaí agus saillte ainmhíocha eile (NM)
- 01.1.6 Torthaí agus cnónna (NM)
- 01.1.6.1 Dátaí, figí agus torthaí trópaiceacha, agus iad úr (NM)
- 01.1.6.2 Torthaí citris, agus iad úr (NM)
- 01.1.6.3 Clochthorthaí agus torthaí póma, iad úr (NM)
- 01.1.6.4 Caora, agus iad úr (NM)
- 01.1.6.5 Torthaí eile, agus iad úr (NM)
- 01.1.6.6 Torthaí, agus iad reoite (NM)
- 01.1.6.7 Torthaí, agus iad triomaithe agus díhiodráitithe (NM)
- 01.1.6.8 Cnónna, iad sa bhlaosc nó scilligthe (NM)
- 01.1.6.9 Torthaí agus cnónna, agus iad meilte, agus in ullmhóidí eile (NM)
- 01.1.7 Glasraí, tiúbair, plantáin, bananaí cócaireachta agus piseánaigh (NM)
- 01.1.7.1 Glasraí duilleacha nó glasraí gais, agus iad úr nó fuaraithe (NM)
- 01.1.7.2 Glasraí a thugann torthaí, agus iad úr nó fuaraithe (NM)
- 01.1.7.3 Glasraí léagúmacha glasa, iad úr nó fuaraithe (NM)
- 01.1.7.4 Glasraí eile, agus iad úr nó fuaraithe (NM)
- 01.1.7.5 Tiúbair, plantáin agus bananaí cócaireachta, iad úr nó fuaraithe (NM)
- 01.1.7.6 Piseánaigh (NM)
- 01.1.7.7 Glasraí, tiúbair, plantáin agus bananaí cócaireachta eile, iad triomaithe agus díhiodráitithe (NM)
- 01.1.7.8 Glasraí, tiúbair, plantáin agus bananaí cócaireachta, iad reoite (NM)
- 01.1.7.9 Glasraí, tiúbair, plantáin, bananaí cócaireachta agus piseánaigh, iad meilte, agus in ullmhóidí eile (NM)
- 01.1.8 Siúcra, milseogra agus milseoga (NM)
- 01.1.8.1 Siúcra cána agus siúcra biatais (NM)
- 01.1.8.2 Siúcraí agus ionadaigh siúcra eile (NM)
- 01.1.8.3 Subha, marmaláidí, glóthacha torthaí, purée agus leafaois, agus mil (NM)
- 01.1.8.4 Purée cnó, imeanna cnó agus leafaois cnó (NM)
- 01.1.8.5 Seacláid, cócó agus táirgí bia atá bunaithe ar chócó (NM)
- 01.1.8.6 Oighear, uachtar reoite agus soirbéad (NM)
- 01.1.8.9 Siúcra, milseogra agus milseoga eile nach n-aicmítear in aon áit eile (NM)
- 01.1.9 Bia réamhdhéanta agus táirgí bia eile (NM)
- 01.1.9.1 Bia réamhdhéanta (NM)
- 01.1.9.2 Bia leanáí (NM)

01.1.9.3	Salann, tarsainn agus anlainn (NM)
01.1.9.4	Spíosraí, luibheanna cócaireachta agus síolta (NM)
01.1.9.9	Táirgí bia eile nach n-aicmítear in aon áit eile (NM)
01.2	Deochanna neamh-mheisciúla
01.2.1	Súnna torthaí agus súnna glasraí (NM)
01.2.1.0	Súnna torthaí agus súnna glasraí (NM)
01.2.2	Caife agus ionadaigh chaife (NM)
01.2.2.0	Caife agus ionadaigh chaife (NM)
01.2.3	Tae, maté agus táirgí eile a dhíorthaítear ó phlandaí le haghaidh insileadh (NM)
01.2.3.0	Tae, maté agus táirgí eile a dhíorthaítear ó phlandaí le haghaidh insileadh (NM)
01.2.4	Deochanna cócó (NM)
01.2.4.0	Deochanna cócó (NM)
01.2.5	Uisce (NM)
01.2.5.0	Uisce (NM)
01.2.6	Deochanna boga (NM)
01.2.6.0	Deochanna boga (NM)
01.2.9	Deochanna neamh-mheisciúla eile (NM)
01.2.9.0	Deochanna neamh-mheisciúla eile (NM)
01.3	Seirbhísí chun earraí príomhúla a phróiseáil le haghaidh bia agus deochanna neamh-mheisciúla
01.3.0	Seirbhísí chun earraí príomhúla a phróiseáil le haghaidh bia agus deochanna neamh-mheisciúla (S)
01.3.0.0	Seirbhísí chun earraí príomhúla a phróiseáil le haghaidh bia agus deochanna neamh-mheisciúla (S)
02	Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh
02.1	Deochanna meisciúla
02.1.1	Biotáille agus licéir (NM)
02.1.1.0	Biotáille agus licéir (NM)
02.1.2	Fíon (NM)
02.1.2.1	Fíon ó fhíonchaora (NM)
02.1.2.2	Fíon ó fhoinsí eile (NM)
02.1.3	Beoir (NM)
02.1.3.0	Beoir (NM)
02.1.9	Deochanna alcólacha eile (NM)
02.1.9.0	Deochanna alcólacha eile (NM)
02.2	Seirbhísí táirgthe alcóil
02.2.0	Seirbhísí táirgthe alcóil (S)
02.2.0.0	Seirbhísí táirgthe alcóil (S)
02.3	Tobac
02.3.0	Tobac (NM)
02.3.0.1	Toitíní (NM)
02.3.0.2	Todóga (NM)
02.3.0.9	Táirgí tobac eile (NM)
02.4	Támhshuanaigh

02.4.0	Támhshuanaigh (NM)
02.4.0.0	Támhshuanaigh (NM)
03	Éadaí agus coisbheart
03.1	Éadaí
03.1.1	Ábhair éadaigh (LM)
03.1.1.0	Ábhair éadaigh (LM)
03.1.2	Baill éadaigh (LM)
03.1.2.1	Baill éadaigh le haghaidh fear nó buachaillí (LM)
03.1.2.2	Baill éadaigh le haghaidh ban nó cailíní (LM)
03.1.2.3	Baill éadaigh le haghaidh naíonán (faoi bhun 2 bhliain d'aois) (LM)
03.1.2.4	Éidí scoile (LM)
03.1.3	Baill éadaigh eile agus oiriúintí éadaigh eile (LM)
03.1.3.1	Baill éadaigh eile (LM)
03.1.3.2	Oiriúintí éadaigh (LM)
03.1.4	Éadaí a ghlanadh, a dheisiú, a chóiriú agus a ligean ar cíos (S)
03.1.4.1	Éadaí a ghlanadh (S)
03.1.4.2	Éadaí a dheisiú, a chóiriú agus a ligean ar cíos (S)
03.2	Coisbheart
03.2.1	Bróga agus coisbheart eile (LM)
03.2.1.1	Coisbheart le haghaidh fear (LM)
03.2.1.2	Coisbheart le haghaidh ban (LM)
03.2.1.3	Coisbheart le haghaidh naíonán agus leanaí (LM)
03.2.2	Coisbheart a ghlanadh, a dheisiú agus a ligean ar cíos (S)
03.2.2.0	Coisbheart a ghlanadh, a dheisiú agus a ligean ar cíos (S)
04	Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile
04.1	Íocaíochtaí cíosa iarbhír arna ndéanamh le haghaidh tithíochta
04.1.1	Íocaíochtaí iarbhír cíosa arna ndéanamh ag tionóntaí le haghaidh príomháit chónaithe (S)
04.1.1.0	Íocaíochtaí iarbhír cíosa arna ndéanamh ag tionóntaí le haghaidh príomháit chónaithe (S)
04.1.2	Íocaíochtaí cíosa iarbhír eile (S)
04.1.2.1	Íocaíochtaí iarbhír cíosa arna ndéanamh ag tionóntaí le haghaidh áit chónaithe thánaisteach (S)
04.1.2.2	Íocaíochtaí cíosa garáiste agus íocaíochtaí cíosa eile arna ndéanamh ag tionóntaí (S)
04.2	Íocaíochtaí cíosa barúlacha le haghaidh tithíochta
04.2.1	Íocaíochtaí cíosa barúlacha úinéirí-áititheoirí le haghaidh a bpríomháit chónaithe (S)
04.2.1.0	Íocaíochtaí cíosa barúlacha úinéirí-áititheoirí le haghaidh a bpríomháit chónaithe (S)
04.2.2	Cíosanna barúlacha eile (S)
04.2.2.0	Cíosanna barúlacha eile (S)
04.3	Cothabháil, deisiú agus slándáil na teaghaise
04.3.1	Trealamh slándála agus ábhair slándála le haghaidh cothabháil agus deisiú na teaghaise
04.3.1.1	Ábhair chun an teaghais a chothabháil agus a dheisiú (NM)
04.3.1.2	Trealamh slándála (LM)
04.3.2	Seirbhísí cothabhála, seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí slándála na teaghaise (S)

- 04.3.2.0 Seirbhísí cothabhála, seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí slándála na teaghaise (S)
- 04.4 Soláthar uisce agus seirbhísí ilghnéitheacha a bhaineann leis an teaghais
 - 04.4.1 Soláthar uisce (NM)
 - 04.4.1.1 Soláthar uisce a sheachadtar trí chórais líonra (NM)
 - 04.4.1.2 Soláthar uisce a sheachadtar trí chórais eile (NM)
 - 04.4.2 Bailiú bruscair (S)
 - 04.4.2.0 Bailiú bruscair (S)
 - 04.4.3 Bailiú séarachais (S)
 - 04.4.3.1 Bailiú séarachais trí chórais séarachais (S)
 - 04.4.3.2 Bailiú séarachais trí chórais sláintíochta ar an láthair (S)
 - 04.4.4 Seirbhísí eile a bhaineann leis an teaghais (S)
 - 04.4.4.1 Muirir ar chothabháil foirgneamh iláitithe (S)
 - 04.4.4.9 Seirbhísí eile a bhaineann leis an teaghais nach n-aicmítear in aon áit eile (S)
- 04.5 Leictreachas, gás agus breoslaí eile
 - 04.5.1 Leictreachas (NM)
 - 04.5.1.0 Leictreachas (NM)
 - 04.5.2 Gás (NM)
 - 04.5.2.1 Gás nádúrtha trí líonraí (NM)
 - 04.5.2.2 Hidreacarbóin leachtaithe (NM)
 - 04.5.3 Breoslaí leachtacha (NM)
 - 04.5.3.0 Breoslaí leachtacha (NM)
 - 04.5.4 Breoslaí soladacha (NM)
 - 04.5.4.1 Gual, brící guail, móin agus brící móna (NM)
 - 04.5.4.2 Breosla adhmaid, lena n-áirítear millíní agus brící (NM)
 - 04.5.4.3 Fioghual (NM)
 - 04.5.4.9 Breoslaí soladacha eile (NM)
 - 04.5.5 Fuinneamh eile le haghaidh téimh agus fuarú (NM)
 - 04.5.5.0 Fuinneamh eile le haghaidh téimh agus fuarú (NM)
- 05 Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí
 - 05.1 Troscán, fearastuithe tí, agus cairpéid scaoilte
 - 05.1.1 Troscán, fearastuithe tí, agus cairpéid scaoilte (M)
 - 05.1.1.1 Troscán tí (M)
 - 05.1.1.2 Troscán gairdín agus campála (M)
 - 05.1.1.3 Trealamh soilsithe (M)
 - 05.1.1.4 Fearastuithe, cairpéid scaoilte agus rugaí (M)
 - 05.1.2 Troscáin, fearastuithe agus cairpéad scaoilte a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíos (S)
 - 05.1.2.0 Troscáin, fearastuithe agus cairpéad scaoilte a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíos (S)
 - 05.2 Teicstílí tí
 - 05.2.1 Teicstílí tí (LM)
 - 05.2.1.1 Fabraicí agus cuirtíní fearastaithe (LM)
 - 05.2.1.2 Línéadach leapa agus cóir leapa (LM)

- 05.2.1.3 Éadach boird agus seomra folctha (LM)
- 05.2.1.9 Teicstílí tí eile (LM)
- 05.2.2 Seirbhísí deisithe, fruilithe agus fuála teicstílí tí (S)
- 05.2.2.0 Seirbhísí deisithe, fruilithe agus fuála teicstílí tí (S)
- 05.3 Fearais tí
- 05.3.1 Mórfhearais leictreacha agus fearais tí eile (M)
- 05.3.1.1 Mórfhearais chistine (M)
- 05.3.1.2 Mórfhearais níocháin (M)
- 05.3.1.3 Téitheoirí agus aerchóiritheoirí (M)
- 05.3.1.4 Trealamh glantacháin (M)
- 05.3.1.9 Mórfhearais tí eile (M)
- 05.3.2 Mionfhearais tí (LM)
- 05.3.2.1 Mionfhearais chun bia a chócaráil agus a phróiseáil (LM)
- 05.3.2.2 Mionfhearais chun deochanna a ullmhú (LM)
- 05.3.2.9 Mionfhearais tí eile (LM)
- 05.3.3 Fearais tí a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíós (S)
- 05.3.3.0 Fearais tí a dheisiú, a shuiteáil agus a ligean ar cíós (S)
- 05.4 Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí
- 05.4.0 Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí (LM)
- 05.4.0.1 Earraí gloine, earraí criostail, earraí ceirmeacha agus earraí poircealláin (LM)
- 05.4.0.2 Sceanra, earraí boird agus earraí airgid (LM)
- 05.4.0.3 Uirlisí agus earraí cistine (LM)
- 05.4.0.4 Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí a dheisiú agus a ligean ar cíós (S)
- 05.5 Uirlisí agus trealamh tí agus gairdín
- 05.5.1 Uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe (M)
- 05.5.1.0 Uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe (M)
- 05.5.2 Uirlisí neamh-mhótarthrealmhaithe agus oiriúintí ilghnéitheacha (LM)
- 05.5.2.1 Uirlisí neamh-mhótarthrealmhaithe (LM)
- 05.5.2.2 Oiriúintí ilghnéitheacha (LM)
- 05.5.3 Deisiú agus fruiliú uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe agus neamh-mhótarthrealmhaithe (S)
- 05.5.3.0 Deisiú agus fruiliú uirlisí agus trealamh mótarthrealmhaithe agus neamh-mhótarthrealmhaithe (S)
- 05.6 Earraí agus seirbhísí gnáthchothabhála tí
- 05.6.1 Earraí neamh-mharthanacha tí (NM)
- 05.6.1.1 Táirgí glantacháin agus cothabhála tí (NM)
- 05.6.1.9 Earraí neamh-mharthanacha tí eile (NM)
- 05.6.2 Seirbhísí tís agus seirbhísí tí (S)
- 05.6.2.1 Seirbhísí tís arna gcur ar fáil ag foireann atá á híoc (S)
- 05.6.2.9 Seirbhísí tí eile (S)
- 06 Sláinte
- 06.1 Cógais agus táirgí sláinte
- 06.1.1 Cógais (NM)

- 06.1.1.1 Cógais, vacsaíní agus ullmhóidí cógaisíochta eile (NM)
- 06.1.1.2 Cógais luibhe agus táirgí hoiméapatacha (NM)
- 06.1.2 Táirgí leighis (NM)
- 06.1.2.1 Táirgí diagnóisigh leighis (NM)
- 06.1.2.2 Feistí coisctheacha agus cosanta (NM)
- 06.1.2.3 Feistí cóireála le haghaidh úsáid phearsanta (NM)
- 06.1.3 Táirgí cúnta (M)
- 06.1.3.1 Táirgí cúnta le haghaidh amharc (M)
- 06.1.3.2 Táirgí cúnta le haghaidh éisteachta agus cumarsáide (M)
- 06.1.3.3 Táirgí cúnta le haghaidh soghluaisteachta agus maireachtáil laethúil (M)
- 06.1.4 Táirgí leighis agus cúnta a dheisiú, a ligean ar cíós agus a chothabháil (S)
- 06.1.4.0 Táirgí leighis agus cúnta a dheisiú, a ligean ar cíós agus a chothabháil (S)
- 06.2 Seirbhísí cúraim othar seachtrach
- 06.2.1 Seirbhísí cúraim choiscthigh (S)
- 06.2.1.1 Seirbhísí imdhíonta (S)
- 06.2.1.9 Seirbhísí eile cúraim choiscthigh (S)
- 06.2.2 Seirbhísí fiacloireachta othar seachtrach (S)
- 06.2.2.1 Seirbhísí coisctheacha fiacloireachta (S)
- 06.2.2.9 Seirbhísí fiacloireachta othar seachtrach eile (S)
- 06.2.3 Seirbhísí eile cúraim le haghaidh othar seachtrach (S)
- 06.2.3.1 Seirbhísí leigheasacha agus athshlánúcháin othar seachtrach (S)
- 06.2.3.2 Seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh othar seachtrach (S)
- 06.3 Seirbhísí cúraim othar cónaithe
- 06.3.1 Seirbhísí leigheasacha agus athshlánúcháin othar cónaithe (S)
- 06.3.1.0 Seirbhísí leigheasacha agus athshlánúcháin othar cónaithe (S)
- 06.3.2 Seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh othar cónaithe (S)
- 06.3.2.0 Seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh othar cónaithe (S)
- 06.4 Seirbhísí sláinte eile
- 06.4.1 Seirbhísí íomháithe dhiagnóisigh agus seirbhísí saotharlainne leighis (S)
- 06.4.1.0 Seirbhísí íomháithe dhiagnóisigh agus seirbhísí saotharlainne leighis (S)
- 06.4.2 Iompar éigeandála othar agus seirbhísí tarrthála éigeandála (S)
- 06.4.2.0 Iompar éigeandála othar agus seirbhísí tarrthála éigeandála (S)
- 07 Iompar
- 07.1 Feithiclí a cheannach
- 07.1.1 Gluaisteáin (M)
- 07.1.1.1 Gluaisteáin nua (M)
- 07.1.1.2 Gluaisteáin athlámhe (M)
- 07.1.2 Gluaisrothair (M)
- 07.1.2.0 Gluaisrothair (M)
- 07.1.3 Rothair (M)
- 07.1.3.0 Rothair (M)

- 07.1.4 Feithiclí ainmhí-tharraingthe (M)
- 07.1.4.0 Feithiclí ainmhí-tharraingthe (M)
- 07.2 Oibriú trealamh iompair phearsanta
- 07.2.1 Páirteanna agus oiriúintí do threalamh iompair phearsanta (LM)
- 07.2.1.1 Boinn (LM)
- 07.2.1.2 Páirteanna do threalamh iompair phearsanta (LM)
- 07.2.1.3 Oiriúintí do threalamh iompair phearsanta (LM)
- 07.2.2 Breoslaí agus bealaí do threalamh iompair phearsanta (NM)
- 07.2.2.1 Díosal (NM)
- 07.2.2.2 Peitreal (NM)
- 07.2.2.3 Breoslaí eile do threalamh iompair phearsanta (NM)
- 07.2.2.4 Bealaí (NM)
- 07.2.3 Trealamh iompair phearsanta a chothabháil agus a dheisiú (S)
- 07.2.3.0 Trealamh iompair phearsanta a chothabháil agus a dheisiú (S)
- 07.2.4 Seirbhísí eile a bhaineann le trealamh iompair phearsanta (S)
- 07.2.4.1 Seirbhísí páirceála (S)
- 07.2.4.2 Saoráidí dola (S)
- 07.2.4.3 Ceachtanna tiomána, tástálacha, ceadúnais agus tástálacha ródacmhainneachta (S)
- 07.2.4.4 Trealamh iompair phearsanta a ligean ar cíós gan tiománaí (S)
- 07.3 Seirbhísí iompair paisinéirí
- 07.3.1 Iompar paisinéirí d'iarnród (S)
- 07.3.1.1 Iompar paisinéirí d'iarnród (S)
- 07.3.1.2 Iompar paisinéirí trí mhear-iompar agus tram (S)
- 07.3.2 Iompar paisinéirí de bhóthar (S)
- 07.3.2.1 Iompar paisinéirí de bhus agus de chóiste (S)
- 07.3.2.2 Iompar paisinéirí i dtascaí agus i bhfeithicil ar cíós ina bhfuil tiománaí (S)
- 07.3.2.3 Iompar paisinéirí le haghaidh mic léinn chuig an scoil agus ón scoil (S)
- 07.3.2.9 Iompar eile paisinéirí de bhóthar (S)
- 07.3.3 Iompar paisinéirí d'aer (S)
- 07.3.3.1 Iompar paisinéirí d'aer, intíre (S)
- 07.3.3.2 Iompar paisinéirí d'aer, idirnáisiúnta (S)
- 07.3.4 Iompar paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealach intíre (S)
- 07.3.4.0 Iompar paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealach intíre (S)
- 07.3.5 Comhiompar paisinéirí (S)
- 07.3.5.0 Comhiompar paisinéirí (S)
- 07.3.6 Seirbhísí iompair paisinéirí eile (S)
- 07.3.6.0 Seirbhísí iompair paisinéirí eile (S)
- 07.4 Seirbhísí iompair le haghaidh earraí
- 07.4.1 Seirbhísí poist agus cúiréireachta (S)
- 07.4.1.1 Seirbhísí láimhseála litreacha (S)
- 07.4.1.2 Seirbhísí cúiréireachta agus seachadta beartán (S)

07.4.9	Iompar earraí eile (S)
07.4.9.1	Seirbhísí aistrithe agus stórála (S)
07.4.9.2	Seachadadh earraí (S)
08	Faisnéis agus cumarsáid
08.1	Trealamh faisnéise agus cumarsáide
08.1.1	Trealamh teileafóin sheasta (M)
08.1.1.0	Trealamh teileafóin sheasta (M)
08.1.2	Trealamh teileafóin shoghluaiste (M)
08.1.2.0	Trealamh teileafóin shoghluaiste (M)
08.1.3	Trealamh próiseála faisnéise (M)
08.1.3.1	Ríomhairí, ríomhairí glúine agus táibléid (M)
08.1.3.2	Trealamh forimeallach agus a chomhpháirteanna inchaite (M)
08.1.4	Trealamh chun fuaim agus pictiúr a ghlacadh, a thaifeadadh agus a atáirgeadh (M)
08.1.4.0	Trealamh chun fuaim agus pictiúr a ghlacadh, a thaifeadadh agus a atáirgeadh (M)
08.1.5	Meáin taifeadta neamhthaifeadta (LM)
08.1.5.0	Meáin taifeadta neamhthaifeadta (LM)
08.1.9	Trealamh agus oiriúintí faisnéise agus cumarsáide eile (M)
08.1.9.1	Trealamh eile faisnéise agus cumarsáide (M)
08.1.9.2	Oiriúintí faisnéise agus cumarsáide eile (LM)
08.2	Bogearraí, seachas cluichí
08.2.0	Bogearraí, seachas cluichí (S)
08.2.0.0	Bogearraí, seachas cluichí (S)
08.3	Seirbhísí faisnéise agus cumarsáide
08.3.1	Seirbhísí cumarsáide seasta (S)
08.3.1.0	Seirbhísí cumarsáide seasta (S)
08.3.2	Seirbhísí soghluaiste seasta (S)
08.3.2.0	Seirbhísí soghluaiste seasta (S)
08.3.3	Seirbhísí soláthair rochtana idirlín agus seirbhísí stórála ar líne (S)
08.3.3.0	Seirbhísí soláthair rochtana idirlín agus seirbhísí stórála ar líne (S)
08.3.4	Seirbhísí teileachumarsáide cuachta (S)
08.3.4.0	Seirbhísí teileachumarsáide cuachta (S)
08.3.5	Trealamh faisnéise agus cumarsáide a dheisiú agus a ligean ar cíós (S)
08.3.5.0	Trealamh faisnéise agus cumarsáide a dheisiú agus a ligean ar cíós (S)
08.3.9	Seirbhísí faisnéise agus cumarsáide eile (S)
08.3.9.1	Ceadúnais agus táillí teilifíse agus raidió (S)
08.3.9.2	Síntiúis le seirbhísí sruthaithe closamhairc agus ábhar closamhairc a ligean ar cíós (S)
08.3.9.9	Seirbhísí faisnéise agus cumarsáide eile nach n-aicmítear in aon áit eile (S)
09	Áineas, spórt agus cultúr
09.1	Earraí marthanacha áineasa
09.1.1	Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla (M)

- 09.1.1.1 Ceamaraí (M)
- 09.1.1.2 Oiriúintí le haghaidh trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach (M)
- 09.1.1.3 Ionstraimí optúla (M)
- 09.1.2 Móearraí marthanacha áineasa (M)
- 09.1.2.1 Veaineanna campála, carbháin agus leantóirí (M)
- 09.1.2.2 Eitleáin, mionaerárthaí, faoileoirí, faoileoirí crochta agus balúin the (M)
- 09.1.2.3 Báid, luaimh, móitair transaim agus trealamh eile spóirt uisce (M)
- 09.1.2.4 Capaill, capaillíní, camaill agus dromadairí agus oiriúintí (M)
- 09.1.2.9 Móearraí marthanacha áineasa eile (M)
- 09.2 Earraí eile áineasa
- 09.2.1 Cluichí, bréagáin agus earraí a bhaineann le caitheamh aimsire (LM)
- 09.2.1.1 Ríomhairí físchluichí, consóil, feidhmchláir cluichí agus bogearraí (LM)
- 09.2.1.2 Cluichí, bréagáin agus earraí eile a bhaineann le caitheamh aimsire (LM)
- 09.2.1.3 Earraí ceiliúrtha (NM)
- 09.2.2 Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer (LM)
- 09.2.2.1 Trealamh spóirt (LM)
- 09.2.2.2 Trealamh campála agus áineasa faoin aer (LM)
- 09.3 Táirgí gairdín agus peataí
- 09.3.1 Táirgí gairdín, plandaí agus bláthanna (NM)
- 09.3.1.1 Táirgí gairdíní (NM)
- 09.3.1.2 Plandaí, síolta agus bláthanna (NM)
- 09.3.2 Peataí agus táirgí peataí (M)
- 09.3.2.1 Peataí (M)
- 09.3.2.2 Táirgí le haghaidh peataí agus ainmhithe tí eile (NM)
- 09.4 Seirbhísí áineasa
- 09.4.1 Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla a ligean ar cíós agus a dheisiú (S)
- 09.4.1.0 Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla a ligean ar cíós agus a dheisiú (S)
- 09.4.2 Móearraí marthanacha áineasa a ligean ar cíós, a chothabháil agus a dheisiú (S)
- 09.4.2.1 Veaineanna agus carbháin campála a ligean ar cíós, a chothabháil agus a dheisiú (S)
- 09.4.2.2 Móearraí marthanacha áineasa eile a ligean ar cíós, a chothabháil agus a dheisiú (S)
- 09.4.3 Cluichí, bréagáin agus earraí a bhaineann le caitheamh aimsire a ligean ar cíós agus a dheisiú (S)
- 09.4.3.1 Bogearraí cluiche a ligean ar cíós agus síntiús le cluichí ar líne (S)
- 09.4.3.2 Cluichí, bréagáin agus earraí eile a bhaineann le caitheamh aimsire a ligean ar cíós agus a dheisiú (S)
- 09.4.4 Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer a ligean ar cíós agus a dheisiú (LM)
- 09.4.4.0 Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer a ligean ar cíós agus a dheisiú (LM)
- 09.4.5 Seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí eile do pheataí (S)
- 09.4.5.0 Seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí eile do pheataí (S)
- 09.4.6 Seirbhísí áineasa agus spóirt (S)
- 09.4.6.1 Seirbhísí áineasa agus fóillíochta (S)
- 09.4.6.2 Seirbhísí a bhaineann le cleachtadh spóirt (S)

09.4.6.3	Seirbhísí a bhaineann le freastal ar imeachtaí spóirt (S)
09.4.7	Cluichí áidh (S)
09.4.7.0	Cluichí áidh (S)
09.5	Earraí cultúrtha
09.5.1	Uirlisí ceoil (M)
09.5.1.0	Uirlisí ceoil (M)
09.5.2	Na meáin chlosamhairc (LM)
09.5.2.0	Na meáin chlosamhairc (LM)
09.6	Seirbhísí cultúrtha
09.6.1	Seirbhísí a sholáthraíonn pictiúrlanna, amharclanna agus ionaid ceolchoirmeacha (S)
09.6.1.0	Seirbhísí a sholáthraíonn pictiúrlanna, amharclanna agus ionaid ceolchoirmeacha (S)
09.6.2	Seirbhísí a sholáthraíonn músaeim, leabharlanna agus láithreáin chultúrtha (S)
09.6.2.0	Seirbhísí a sholáthraíonn músaeim, leabharlanna agus láithreáin chultúrtha (S)
09.6.3	Seirbhísí grianghrafadóireachta (S)
09.6.3.0	Seirbhísí grianghrafadóireachta (S)
09.6.9	Seirbhísí cultúrtha eile (S)
09.6.9.0	Seirbhísí cultúrtha eile (S)
09.7	Nuachtáin, leabhair agus stáiseanóireacht
09.7.1	Leabhair (LM)
09.7.1.1	Leabhair oideachasúla agus téacsleabhair (LM)
09.7.1.9	Leabhair eile (LM)
09.7.2	Nuachtáin agus tréimhseacháin (NM)
09.7.2.1	Nuachtáin (NM)
09.7.2.2	Irisí agus tréimhseacháin (NM)
09.7.3	Ábhar clóite ilghnéitheach (NM)
09.7.3.0	Ábhar clóite ilghnéitheach (NM)
09.7.4	Stáiseanóireacht agus ábhair líníochta (NM)
09.7.4.0	Stáiseanóireacht agus ábhair líníochta (NM)
09.8	Saoire láneagraithe
09.8.0	Saoire láneagraithe (S)
09.8.0.0	Saoire láneagraithe (S)
10	Seirbhísí oideachais
10.1	Oideachas luath-óige agus bunscolaíochta
10.1.0	Oideachas luath-óige agus bunscolaíochta (S)
10.1.0.1	Oideachas luath-óige (S)
10.1.0.2	Oideachas bunscoile (S)
10.2	Oideachas meánscoile
10.2.0	Oideachas meánscoile (S)
10.2.0.0	Oideachas meánscoile (S)
10.3	Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile
10.3.0	Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (S)

- 10.3.0.0 Oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (S)
- 10.4 Oideachas treasach
 - 10.4.0 Oideachas treasach (S)
 - 10.4.0.0 Oideachas treasach (S)
- 10.5 Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil
 - 10.5.0 Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil (S)
 - 10.5.0.1 Teagasc (S)
 - 10.5.0.9 Oideachas eile nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil (S)
- 11 Bialanna agus seirbhísí cóiríochta
 - 11.1 Seirbhísí freastalaithe bia agus deochanna
 - 11.1.1 Bialanna, caiféanna agus a leithéidí (S)
 - 11.1.1.1 Bialanna, caiféanna agus a leithéidí – le seirbhís iomlán (S)
 - 11.1.1.2 Bialanna, caiféanna agus a leithéidí – le seirbhís theoranta (S)
 - 11.1.2 Ceaintíní, caifitéirí agus proinntithe (S)
 - 11.1.2.1 Ceaintíní agus caifitéirí ollscoileanna, scoileanna agus náischoileanna (S)
 - 11.1.2.9 Ceaintíní, caifitéirí agus proinntithe eile (S)
 - 11.2 Seirbhísí cóiríochta
 - 11.2.0 Seirbhísí cóiríochta (S)
 - 11.2.0.1 Óstáin, carr-óstáin, óstaí agus seirbhísí cóiríochta cosúla (S)
 - 11.2.0.2 Ionaid saoire, láithreáin champála, brúnna óige agus seirbhísí cóiríochta cosúla (S)
 - 11.2.0.3 Seirbhísí cóiríochta le haghaidh scoileanna cónaithe, ollscoileanna agus bunaíochtaí oideachais eile (S)
 - 11.2.0.9 Seirbhísí cóiríochta eile (S)
- 12 Seirbhísí árachais agus pinsin
 - 12.1 Árachas
 - 12.1.1 Árachas saoil agus tionóisce (S)
 - 12.1.1.0 Árachas saoil agus tionóisce (S)
 - 12.1.2 Árachas a bhaineann le sláinte (S)
 - 12.1.2.0 Árachas a bhaineann le sláinte (S)
 - 12.1.3 Árachas a bhaineann le teaghaisí (S)
 - 12.1.3.0 Árachas a bhaineann le teaghaisí (S)
 - 12.1.4 Árachais a bhaineann le hiompar (S)
 - 12.1.4.1 Árachas iompair phearsanta (S)
 - 12.1.4.2 Árachas taistil (S)
 - 12.1.9 Árachas eile (S)
 - 12.1.9.0 Árachas eile (S)
 - 12.2 Seirbhísí airgeadais
 - 12.2.1 Seirbhís idirghabhála airgeadais arna tomhas go hindíreach (S)
 - 12.2.1.0 Seirbhís idirghabhála airgeadais arna tomhas go hindíreach (S)
 - 12.2.2 Muirir shainráite ag corparáidí glactha taisce (S)
 - 12.2.2.0 Muirir shainráite ag corparáidí glactha taisce (S)

- 12.2.9 Seirbhísí eile airgeadais (S)
- 12.2.9.1 Táillí seoltán (S)
- 12.2.9.9 Seirbhísí airgeadais eile nach n-aicmítear in aon áit eile (S)
- 13 Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha
- 13.1 Cúram pearsanta
- 13.1.1 Fearais leictreacha le haghaidh cúram pearsanta (LM)
- 13.1.1.1 Fearais leictreacha le haghaidh cúram pearsanta a cheannach (LM)
- 13.1.1.2 Fearais leictreacha le haghaidh cúram pearsanta a dheisiú (S)
- 13.1.2 Fearais, earraí agus táirgí eile le haghaidh cúram pearsanta (NM)
- 13.1.2.0 Fearais, earraí agus táirgí eile le haghaidh cúram pearsanta (NM)
- 13.1.3 Gruagairí agus bunaíochtaí grúmaeireachta pearsanta (S)
- 13.1.3.1 Gruagaireacht (S)
- 13.1.3.2 Cóireálacha grúmaeireachta pearsanta (S)
- 13.2 Earraí pearsanta eile
- 13.2.1 Seodra agus uaireadóirí (M)
- 13.2.1.1 Seodra agus uaireadóirí a cheannach (M)
- 13.2.1.2 Seodra, cloig agus uaireadóirí a dheisiú agus a ligean ar cíós (S)
- 13.2.2 Earraí deabhóide agus earraí le haghaidh ceiliúradh reiligiúnach agus deasghnátha (LM)
- 13.2.2.0 Earraí deabhóide agus earraí le haghaidh ceiliúradh reiligiúnach agus deasghnátha (LM)
- 13.2.9 Earraí pearsanta eile nach n-aicmítear in aon áit eile (LM)
- 13.2.9.1 Earraí taistil, earraí leanaí agus earraí pearsanta eile nach n-aicmítear in aon áit eile (LM)
- 13.2.9.2 Earraí pearsanta eile a dheisiú agus a ligean ar cíós (S)
- 13.3 Cosaint shóisialta
- 13.3.0 Cosaint shóisialta (S)
- 13.3.0.1 Seirbhísí cúraim leanaí (S)
- 13.3.0.2 Tithe scoir le haghaidh daoine scothaosta agus áiteanna cónaithe le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas, ar tithe scoir iad nach soláthraíonn cúram leighis (S)
- 13.3.0.3 Seirbhísí cúraim baile le haghaidh daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas (S)
- 13.3.0.9 Seirbhísí cosanta sóisialta eile (S)
- 13.9 Seirbhísí eile
- 13.9.0 Seirbhísí eile (S)
- 13.9.0.1 Striapachas (S)
- 13.9.0.2 Seirbhísí reiligiúnacha (S)
- 13.9.0.9 Seirbhísí eile nach n-aicmítear in aon áit eile (S)